C/2023/453

1.12.2023

P9_TA(2023)0095

Éisteacht an Fheisire lena mbaineann i nósanna imeachta i leith díolúine (Léirmhíniú ar Riail 9(6) de na Rialacha Nós Imeachta))

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2023 maidir leis an bhféidearthacht éisteacht leis an bhFeisire lena mbaineann go cianda i nósanna imeachta i leith díolúine (léirmhíniú ar Riail 9(6) de na Rialacha Nós Imeachta) (2023/2032(REG))

(C/2023/453)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don litir dar dáta 27 Márta 2023 ó Chathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla,

— ag féachaint do Riail 236 dá Rialacha Nós Imeachta,

1. ag cinneadh an léirmhíniú seo a leanas ar Riail 9(6) de na Rialacha Nós Imeachta a chur i gceangal:

'Le Riail 216(1), an dara fomhír, ní chuirtear cosc ar an gcoiste freagrach cead a thabhairt don Fheisire lena mbaineann a bheith rannpháirteach go cianda in éisteacht díolúine i seomra iata, i gcomhréir leis na prionsabail arna leagan síos ag an gcoiste de bhun Riail 9(13), mura bhfuil an Feisire sin, de bharr imthosca eisceachtúla oibiachtúla, in ann freastal ar an éisteacht go fisiciúil.'

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh, mar fhaisnéis, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.